


# CLG ULADH

## AN CHOMHDHÁIL BHLIANTÚIL 2015

GARBHACHADH, TÍR EOGHAIN, 31ú EANÁIR 2015

CLUICHÍ

CULTÚR

TEANGA

#WeAreUlsterGAA











# TUARSCÁIL AN RÚNAÍ//



**A Chairde,**

**Nuair a dhéanaimid scrúdú ar na míreanna éagsúla a dhéanann bliain iomlán is léir go dtugann a lán acu spreagadh agus inspioráid dúinn agus bíonn roinnt acu ag feidhmiú mar bhacanna a bhaineann dóchas dínn. B'amhlaidh an dá thaobh sa bhliain 2014 agus ar go leor slite rinne na tarluithe diúltacha ár n-aigne níos láidre leanúint ar aghaidh le dul chun cinn CLG. Is é an Cumann a bhíonn ag obair sa phobal agus níl scairshealbhóirí nó leas corporáideach againn. Táimid agus beidh muid tiomnaithe do chothú cluichí, cultúir agus caithimh aimsire dár cuid féin agus forbairt idéil pobail ar mhaithe le leas ár mball agus mórbhuntáiste ár sochaí ar fad**.

Bhí comórtais na bliana seo caite iontach iomaíoch agus léirigh na Craobhacha go mbíonn an choimhlint go fóill lárnach do chúis ár gluichí agus do na foirne a ghlacann páirt iontu. Bíonn forbairt na gcontaetha, na gclubanna agus na scoileanna suntasach agus tá na caighdeáin reatha inchomparáide le cuid ar bith den Chumann agus bíonn ár gclár oibre dílis d'aidhmeanna agus idéil CLG agus todhchaí an Chumainn in Éirinn agus i measc na nGael thar lear.

Rinne Dún nGall gaisce ar leith na craobhacha peile sinsearacha agus mionúir a bhuachaint agus choinnigh An Cabhán seilbh ar an chorn peile faoi-21 arís. Bhuaigh Aontroim na comórtais mionúir agus faoi-21 agus d'imir na 'safrónaigh' go maith sa Chraobh Sinsearach. Bhain foireann peile Uladh cluiche ceannais Craobhchomórtas na gCúigí ach bhí an lámh in uachtar ag Connachta agus admhaím go raibh sé tuillte ag fir an iarthair. Léirigh iarrachtaí na bhfoireann Uladh ár ndíograis leantach don chomórtas seo agus tacaíocht iomlán CLG in Ulaidh d'fhéiniúlacht chúigeach a bheith aitheanta.

D'imir ceithre fhoireann as Cúige Uladh i gcluichí ceannais na Sraithe Naisiúnta Peile Allianz, agus torthaí éagsúla acu. Chlígh Baile Átha Cliath Doire i gcluiche ceannais Roinn 1 agus bhí an ceann is fearr ag Muineachán ar Dhún na nGall sa chluiche cinniúnach i Roinn 2. Chaill An Cabhán i gcoinne Ros Comáin i gcluiche ceannais Roinn 3. Ó thaobh na hiománaíochta de, shroich An Dún cluiche ceannais Roinn 2B ach theip ar fhir na hArda in aghaidh Chill Mhantáin, bhuaigh Dún na nGall Roinn 3A agus Tír Eoghain Roinn 3B mar a gcéanna. De bhreis ar sin rinne Contae na Láimhe Deirge bua iontach i gcluiche ceannais Chorn Nioclais Mhic Riocaird nuair a sáraíodh Fine Gall. Ní raibh an lá le Fear Manach i gluiche ceannais corraitheach an Chomórtais Corn Labhraí Uí Mheachair. Gabhaim comhghairdeas le gach duine a raibh páirt acu sna gaiscí seo.

## AIRGEADAS//

Chonacthas leathnú substaintiúil maidir le gníomhaíochtaí airgeadais Chomhairle Uladh. Baineann seo le feidhmeannais an phlean um athforbairt Pháirc Mhic Asmaint agus le méadú tinrimh, ionchur ardaithe i maoiniú do thionscnaimh agus riachtanais buiséid ní ba chúinge.

Leanann an obair maidir le hioncam agus caiteachas na Comhairle féin ar aghaidh ag leibhéal ard agus is léir go bhfuil na dualgais dulta i méid de réir a chéile. Is ualach mór an córas aschur airgeadais ach is gá dúinn cloí lenár ngealltanais dár gContaetha chomh maith lenár n-éilimh eile ar fhorais seachtracha trí shreabhadh airgid a chinntiú.

Bhí ioncam €6,532,150 ag Comhairle Uladh i 2014 agus gach deontas san áireamh. B'ionann ár bhfáltais cluichí, €2,056,631, agus 31% den mhéid seo, i gcomparáid le 26% den ioncam iomlán i 2013. Is ionann ár n-iomcam ó dheontais, €1,527,978, agus 23% den iomlán i 2014, i gcomparáid le 28% i 2013. B'é €5,987,468 caiteachais iomlán na bliana seo chuaigh thart. Chomh maith leis sin, caitheadh €119,515 ar infheistíocht sna páirceanna agus san ionfrastructhúr. Bhí brábús oibriúcháin de luach €425,167 ar fheidhmiú na bliana agus aistríodh an méid seo go dtí ár gciste carntha. Déantar iniúchadh ar an tréchur airgeadais go leithleach agus is é seo bunú an tionscnaimh iomlán. Táimid buíoch leis an Ghrúpa Oibre Airgeachais agus Rialachais agus Breandán Ó hUisce as a dtreoraíocht ar an obair ríthábhachtach seo. Tugaimid aitheantas don Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus don Ardchomhairle mar gheall ar na deontais a bhronn siad i dtaca le tionscnamh Pháirc Mhic Asmaint.

D'éirigh na tinrimh ag ár gcluichí ní ba mhó arís i rith na bliana seo caite agus thug sin deis dúinn buiséad ní b'inbhuanaithe a fheidhmiú. Fuarthas ardú ioncaim ó achan chomórtas ar fad agus táimid buíoch dár mbaill agus lucht leanta ar fad dá dtacaíocht leantach. Rinne laghdú mór ar luach an Euro tionchar ar ócáidí nuair a bhí aistriúcháin le déanamh chuig an limistéar steirling. I ndiaidh do mhéadú margaíochta dár gcluichí, tá díolacháin ar-líne na dticéad neartaithe arís eile. Is féidir leis an lucht leanta ticéid a cheannach roimh ré trí aonaid CLG nó trí tickets.ie nó ó ionaid díolta an Ghrúpa Musgrave. Oibrímid ar aghaidh trí thréimhse chrua agus tá déine i bhfeidhm go fóill inár bpleananna don todhchaí. Chífimid é seo ag cur isteach ar ár gcuid oibríochtaí ach déanfaidh muid iarracht ár n-infheistíocht i gcluichí, i bhforbairt na gcluichí agus eile a choinneáil.

Fuarthas a lán cuidithe ó mhaoir sna contaetha, na hoifigigh foirne agus na baill de Chomhairle Uladh i gclár cluichí iontach cuimsitheach a eagrú agus gan na hiarrachtaí leantacha sin bhéimis caillte. Aithnímid tiomantas agus díograis díobh siúd a thug go flaithiúil dá gcuid ama ar feadh na bliana. Déanann siad uilig é seo ar bhonn deonach agus iad maraon le roinnt mhaith baill foirne atá ríthábhachtach dár gcuid oibre ar lae na gcluichí. Is fear iontach dúthrachtach é an Cisteoir, Oilibhéar Ó Gealagain, a rinne saothar den scoth ar son na Comhairle sa bhliain seo caite. Bhí páirt mhór aige inár gcúrsaí airgeadais agus chuidigh sé go mór linn. Táimid iontach buíoch dó as a chuid oibre eiseamlárach ar ár son. Rinne Michillín Nic Giolla Uír, ár gCeannasaí Airgeadais, obair ar leith fosta. Rinne Brian Ó Maoláin éacht i gcuideachta léi, agus cuireann Pól Mac Sandair a lán leis le deimhniú go bhfuil an t-airgead i gcónaí faoi smacht na rannóige. Gabhaimid buíochas leo as sin.

## COMÓRTAIS ULADH//

D'fhill an Corn Anglo-Celt go cnoic Dhún na nGall agus bhuaigh Aontroim Corn Liam Uí Airmhí arís i 2014. Chuaigh onóracha na gCraobhcomhórtas Idir-Chlub Uladh go dtí bailte nua ar na mallaibh. Bhuail Sleacht Néill An Ómaigh sa chluiche ceannais peile i bPáirc Lúthchleas Ard Mhacha os comhair 9,000 duine agus d'éirigh le Port an Phéire bua clúiteach agus stairiúil a ghnóthú in éadan Bhun Abhann Dalla ag an Abhainn Bheag. B'iontach linn na sluaite méadaithe a fheiceáil ag na cluichí ceannais sin.

Tionóladh Sraith Iomána Idir-Chlub Táin arís i 2014. D'imir foirne ó fud fad na cúige ann seachas Aontroim, agus bhí foirne ón Lú ann chomh maith. Bhí cúig roinn ann ar an iomlán. B'iad Baile na Scríne (Doire), Beart (Dún na nGall), Baile Ailigh (An Dún), Naomh Feichin (Lú), Bun Cranncha (Dún nGall) a bhí mar bhuaiteoirí rannóige ar deireadh. Ghlac 35 club páirt i Sraith Peile na gClubanna Uladh, faoi urraíocht 'Chúinne Uí Chuinn', 12 acu ag imirt sa ghrád sinsearach agus 23 sa ghrád idirmheánach. Bhuaigh Gleann an Iolair (Doire) agus Dún Geanainn (Tír Eoghain) na cluichí ceannais sinsearacha agus idirmheánacha – dhá chluiche a bhí mórtháibhseach agus ba bheag an oiread a bhí idir na foirne nuair a séideadh an fhead deiridh. Thug na comórtais seo deis do chlubanna gníomh iomaíoch a bheith acu ag an leibhéal cuí roimh thús na gclár cluichí laistigh de na contaetha.

Inár gcéad chomórtas i mbliana, ghnóthaigh Tír Eoghain Corn an Dr Mhic Cionnaith arís le bua 1-15 in aghaidh 0-11 ar An Chabhán sa chluiche ceannais os comhair slua mór ar Pháirc Lúthchleas Ard Mhacha. Tugaim mo bhuíochas do Chumhacht TÉ as a chuid urraíochta ar an chomórtas tábhachtach seo i gclár cluichí CLG Uladh.

## CRAOBH PEILE SINSEARACH//

Bhí Craobh Peile Sinsearach Uladh 2014 ina chomórtas iontach a chuimsigh léar mór cluichí eisceachtúla. Chloígh Tír Eoghain An Dún i ndiaidh athimeartha ach chaill an Lámh Dhearg in éadan Mhuineacháin sa chéad bhabhta eile. Bhuail Ard Mhacha An Cabhán ach chaill fir an úllghoirt i gcoinne Mhuineacháin i gcluiche leath-cheannais millteanach maith. Ar an taobh eile, bhí an ceann is fearr ag Dún na nGall ar Dhoire i gcomhlint dhlúth ar Pháirc Cheilteach agus sháraigh Aontroim Fear Manach ar Pháirc Mhic Bhreithimh. Bhí an lámh in uachtar ag na Conallaigh ar Aontroim sa bhabhta leath-cheannais. Coicís ina dhiaidh sin tionóladh cluiche ceannais Uladh ar Pháirc Naomh Tighearnach, Cluain Eois. Tugadh onóir phoiblí d'fhoireann Thír Eoghain 1989, curaidh Uladh cúig bliana is fiche ó shin, ag leathama. Os rud é go cuimsíonn sé cuimhneacháin ar fhoirne rathúla na linne atá caite, cluichí taispeántais de Chumann na mBunscoileanna, siamsaíocht na mbannaí, cluiche ceannais peile na mionúr agus an phríomhchluiche, bíonn lá Chluiche Ceannais Peile Uladh mar ócáid mhór cheiliúrtha dár gCumann i gCúige Uladh. Chuaigh Dún na nGall agus Muineachán i ngleic ghéar le chéile. Chítear go raibh an buntáiste ag na Conallaigh ó thaobh scóir a aimsiú de agus b'iad a tháinig amach ina seaimpíní. Cuimhneofar go maith ar an radharc ceiliúrtha ag deireadh an chluiche do chontae a bhuaigh Craobh Uladh arís tar éis bearna bliain-amháin agus tréaslaím le Dún na nGall ar ann bhua dea-thuillte sin.

## CRAOBH PEILE NA hÉIREANN//

Thosaigh Craobh Peile na hÉireann d'fhoirne Ultacha ar an deireadh seachtaine deireanach de mhí an Mheithimh nuair a bhuaigh trí chontae s'againne cluichí ar a bpáirceanna baile: An Cabhán in éadan na hIarmhí, Tír Eoghain in aghaidh Lú agus An Dún i gcoinne Liatroma. Seachtain ina dhiaidh, chaill An Cabhán i gcoinne Ros Comáin, chloígh Ard Mhacha Tír Eoghain sa chluiche uile-Ultach ar an Ómaigh agus theip ar An Dún i ndiaidh borradh déanach Chill Dara ar Pháirc Esler. Chuaigh Ard Mhacha ar aghaidh le buanna maithe ar Ros Comáin agus An Mhí chun an babhta ceathrú-cheannaisa bhaint amach. Thug Muineachán aghaidh ar Chill Dara sa bhabhta dosaen agus d'éirigh leo bua a fháil i ndiaidh am breise ar Pháirc an Chrócaigh.

Sna cluichí ceathrú-cheannais, thit Muineachán roimh Bhaile Átha Cliath, agus sa chluiche uile-Ultach b'é cúilín Phádraig Mhic Briartaigh an difríocht idir Dún na nGall agus Ard Mhacha ar deireadh. Fágadh Dún na nGall ina aonar chun bratach Uladh a thógáil i gcluichí leath-cheannais na hÉireann, áit a tháinig siad in éadan fhoireann scanrúil BÁC. Cé go raibh fir na cathrach mar rogha na coitiantachta go mór, rinne Dún na nGall taispeántas foirne ar fheabhas chun cluiche ceannais na hÉireann a bhaint amach don dara uair taobh istigh de thrí bliana. Ar an drochuair, níor éirigh leo imirt ag an ardchaighdeán céanna arís agus rinne Ciarraí neart le bua a fháil ar lá mórtháibhseach do CLG. In ainneoin an toraidh sin, léiríonn trí chraobh peile Uladh laistigh de cheithre bliana, dhá chluiche ceannais na hÉireann a bhaint amach agus Corn Sam Mhic Uidhir a bhuachaint arís, go bhfuil Dún na nGall ar ais i measc na gcontaetha peile is mó in Éirinn.

B'amhlaidh gaiscí Dhún na nGall ag na gradaim Sárimreoirí Peile na Bliana agus gabhaim comhghairdeas leis an cheathrar Conallach a fuair na duaiseanna seo: Pól Ó Duarcáin, Niall Mac Aoidh, Niall Ó Gallchóir agus Micheál Ó Murchú. Molaimid fosta Riain Mac Aodha (Dún na nGall), ar a bronnadh duais Imreoir Óg na Bliana.

## CRAOBH PEILE NA MIONÚR//

Cruthaíonn Craobh Peile na Mionúr Uladh suim agus siamsaíocht go fóill. Tá na cluichí seo oiriúnach mar réamh-imeachtaí ar lae na craoibhe agus bhí an comórtas seo thar barr arís i mbliana. Bhí bua furasta ag Tír Eoghain ar An Dún sa réamhbhabhta. Sna cluichí ceathrú-cheannais, d'éirigh le Dún na nGall, Ard Mhacha, Aontroim agus Muineachán dul tríd. Ar an oíche roimh an chluiche idir Muineachán agus Tír Eoghain, básaíodh Eoghan Ó Beannacháin, athair Mhíchíl, imreoir mionúir de chuid Mhuineacháin, go tobann. Ba mhaith liom moladh a thabhairt do Choiste Contae Thír Eoghain agus do Choiste Contae Mhuineacháin as an chomhréiteach an cluiche seo a chur ar athló agus a imirt ar dháta úr. Sna cluichí leath-cheannais, threascair Dún na nGall ógánaigh Aontroma agus bhí an lámh

Thír Eoghain 1989, curaidh Uladh cúig bliana is fiche ó shin, ag leathama. Os rud é go cuimsíonn sé cuimhneacháin ar fhoirne rathúla na linne atá caite, cluichí taispeántais de Chumann na mBunscoileanna, siamsaíocht na mbannaí, cluiche ceannais peile na mionúr agus an phríomhchluiche, bíonn lá Chluiche Ceannais Peile Uladh mar ócáid mhór cheiliúrtha dár gCumann i gCúige Uladh. Chuaigh Dún na nGall agus Muineachán i ngleic ghéar le chéile. Chítear go raibh an buntáiste ag na Conallaigh ó thaobh scóir a aimsiú de agus b'iad a tháinig amach ina seaimpíní. Cuimhneofar go maith ar an radharc ceiliúrtha ag deireadh an chluiche do chontae a bhuaigh Craobh Uladh arís tar éis bearna bliain-amháin agus tréaslaím le Dún na nGall ar ann bhua dea-thuillte sin.

## CRAOBH PEILE NA hÉIREANN//

Thosaigh Craobh Peile na hÉireann d'fhoirne Ultacha ar an deireadh seachtaine deireanach de mhí an Mheithimh nuair a bhuaigh trí chontae s'againne cluichí ar a bpáirceanna baile: An Cabhán in éadan na hIarmhí, Tír Eoghain in aghaidh Lú agus An Dún i gcoinne Liatroma. Seachtain ina dhiaidh, chaill An Cabhán i gcoinne Ros Comáin, chloígh Ard Mhacha Tír Eoghain sa chluiche uile-Ultach ar an Ómaigh agus theip ar An Dún i ndiaidh borradh déanach Chill Dara ar Pháirc Esler. Chuaigh Ard Mhacha ar aghaidh le buanna maithe ar Ros Comáin agus An Mhí chun an babhta ceathrú-cheannaisa bhaint amach. Thug Muineachán aghaidh ar Chill Dara sa bhabhta dosaen agus d'éirigh leo bua a fháil i ndiaidh am breise ar Pháirc an Chrócaigh.

Sna cluichí ceathrú-cheannais, thit Muineachán roimh Bhaile Átha Cliath, agus sa chluiche uile-Ultach b'é cúilín Phádraig Mhic Briartaigh an difríocht idir Dún na nGall agus Ard Mhacha ar deireadh. Fágadh Dún na nGall ina aonar chun bratach Uladh a thógáil i gcluichí leath-cheannais na hÉireann, áit a tháinig siad in éadan fhoireann

scanrúil BÁC. Cé go raibh fir na cathrach mar rogha na coitiantachta go mór, rinne Dún na nGall taispeántas foirne ar fheabhas chun cluiche ceannais na hÉireann a bhaint amach don dara uair taobh istigh de thrí bliana. Ar an drochuair, níor éirigh leo imirt ag an ardchaighdeán céanna arís agus rinne Ciarraí neart le bua a fháil ar lá mórtháibhseach do CLG. In ainneoin an toraidh sin, léiríonn trí chraobh peile Uladh laistigh de cheithre bliana, dhá chluiche ceannais na hÉireann a bhaint amach agus Corn Sam Mhic Uidhir a bhuachaint arís, go bhfuil Dún na nGall ar ais i measc na gcontaetha peile is mó in Éirinn.

B'amhlaidh gaiscí Dhún na nGall ag na gradaim Sárimreoirí Peile na Bliana agus gabhaim comhghairdeas leis an cheathrar Conallach a fuair na duaiseanna seo: Pól Ó Duarcáin, Niall Mac Aoidh, Niall Ó Gallchóir agus Micheál Ó Murchú. Molaimid fosta Riain Mac Aodha (Dún na nGall), ar a bhronnadh duais Imreoir Óg na Bliana.

## CRAOBH PEILE NA MIONÚR//

Cruthaíonn Craobh Peile na Mionúr Uladh suim agus siamsaíocht go fóill. Tá na cluichí seo oiriúnach mar réamh-imeachtaí ar lae na craoibhe agus bhí an comórtas seo thar barr arís i mbliana. Bhí bua furasta ag Tír Eoghain ar An Dún sa réamhbhabhta. Sna cluichí ceathrú-cheannais, d'éirigh le Dún na nGall, Ard Mhacha, Aontroim agus Muineachán dul tríd. Ar an oíche roimh an chluiche idir Muineachán agus Tír Eoghain, básaíodh Eoghan Ó Beannacháin, athair Mhíchíl, imreoir mionúir de chuid Mhuineacháin, go tobann. Ba mhaith liom moladh a thabhairt do Choiste Contae Thír Eoghain agus do Choiste Contae Mhuineacháin as an chomhréiteach an cluiche seo a chur ar athló agus a imirt ar dháta úr. Sna cluichí leath-cheannais, threascair Dún na nGall ógánaigh Aontroma agus bhí an lámh in uachtar ag Ard Mhacha ar Mhuineachán.

Rinne Dún na nGall téarnamh maith sa chluiche ceannais chun Ard Mhacha a chloí, ar an scór 2-12 in aghaidh 0-10. Tréaslaítear le Dún na nGall ar bhua dea-thuillte, a chéad onóir ag an leibhéal seo ó 2006. Chomhlánaigh an éacht seo an bua a rinne na Conallaigh óga i Sraith Peile na Mionúr Uladh san earrach. Mar churaidh Uladh, chuaigh siad i ngleic le Ros Comáin i gcluiche ceathrú-cheannais na hÉireann i Sligeach. Ba leor an taispeántas diogbháilte a rinne siad le dul chun cinn ach ar an drochuair, chaill Muineachán in éadan Mhaigh Eo, curaidh na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. Bhí cúilín mall ó Ethan Ó Dónaill de dhith ar Dhún na nGall le fáil réidh le BÁC sa chluiche leath-cheannais. Sa chluiche cinniúnach ar Pháirc an Chrócaigh ar 21 Meán Fómhair, chaill Dún na nGall in éadan fhoireann láidir Chiarraí. Ba chríoch dhíomach é do sheaimpíní Uladh, ach déanfaidh an taithí de bheith ag imirt os comhair sluaite móra tionchar deimhin ar na hógánaigh seo.

## CRAOBH PEILE FAOI-21//

Tá ag éirí go geal le clár cluichí na Craoibhe seo ar an sliotán oíche Chéadaoin, nuair nach gcuireann sé isteach ar ullmhúcháin na gcontaetha don Sraith Náisiúnta Peile agus a mheallann siad suim ón lucht tacaíochta. Thaisteal An Cabhán go dtí an Pháirc Cheilteach sa réamhbhabhta agus d'éirigh le muintir Bhréifne. Tionóladh ceithre chluiche ceathrú-cheannais ar an oíche chéanna agus bhuaigh An Cabhán, Dún na nGall agus Muineachán trí cheann acu. Chríochnaigh Ard Mhacha agus Aontroim ar chomhscór tar éis am breise i gcluiche corraitheach ar an Pháirc Lúthchleasaíochta. San athimirt ar an oíche Chéadaoin dár gcionn, fuair Ard Mhacha an ceann is fearr le trí chúilín sa bhreis. Sna cluichí leath-cheannais ar Pháirc Bhréifne Kingspan, bhí bua ag na curaidh, An Cabhán, ar Mhuineachán, agus ag Dún na nGall ar Ard Mhacha. Ba mhaith liom mo bhuíochas le hArd Mhacha agus Dún na nGall go háirithe a thaifeadadh i ndiaidh daoibh taisteal go dtí An Chabháin gan mhórán réamhfhógra de bhrí go raibh Páirc Uí Éilí do-imeartha.

Seachtain ina dhiaidh sin, d'imir An Cabhán agus Dún na nGall i gcoimhlint teann os comhair slua mór ar an Pháirc Lúthchleasaíochta. Bhí a dtaithí de thrí Chraobh Faoi-21 a bhuachaint roimhe cinniúnach agus bhailigh foireann Bhréifne an corn don cheathrú bliain as a chéile mar sin de. B'éacht ollmhór é seo don Chabhán agus is cosúil go ngeallann sé rath sinsearach don chontae sa todhchaí. Deich lá ina dhiaidh sin, chaill An Cabhán cluiche leath-cheannais dluth i bPortlaoise in éadan BÁC, na seaimpíní ar deireadh.

## CRAOBH PEILE NA gCLUBANNA//

Tá mealladh ar leith ag Craobh Peile na gClubanna Uladh dár lucht tacaíochta go fóill agus cumasaíonn an gné áitiúil do chlubanna ag gach leibhéal bheith ag tnúth leis an staid is airde sa chúige agus Páirc an Chórcaigh fiú. D'aimsigh Cluain Tiobraid cúl déanach le Cill Chua a chloí sa réamhbhabhta ar Pháirc Esler. Sna cluichí ceathrú-cheannais, bhí buanna ag An Ómaigh (ar Chrois Mhic Lionnáin), Cluain Tiobraid (ar Naomh Gall), Naomh Adhamhnán (ar Ros Liath) agus Sleacht Néill (ar Ghaeil an Chabháin). Sna cluichí leath-cheannais, bhuail An Ómaigh foireann chrua Leitir Ceanainn ar Pháirc Cheilteach Dhoire agus rinne Sleacht Néill taispeántas foirne ar fheabhas chun Cluain Tiobraid a shárú ar Pháirc Uí Éilí. D'imir Sleacht Néill agus An Ómaigh i gcluiche ceannais Uladh ar Pháirc Lúthchleas Ard Mhacha. I ndiaidh chluiche thar barr agus am breise, chinntigh cúilín ó Chríostóir Ó Brolcháin in am cúitimh an chéad chraobh Uladh do CLG Roibeaird Emmet, Sleacht Néill. Moltar na clubanna a bhí rannpháirteach sa Chraobh.

Bhí Craobh Peile Sinsearach na gClubanna Uladh 2014 ina chomórtas ar leith a chuimsigh roinnt cluichí speisialta. Ní raibh breis agus trí chúilín idir na foirne ar deireadh ach i ndá cheann den ocht gcluiche. Chonacthas athbhronnadh Corn Shéamais Mhic Mhearáin i mbliana agus bhí cuma an snásta air ar lá chluiche ceannais Uladh. Tionóladh na cluichí ceannais Idirmheánacha agus Sóisearacha mar chomhócáid ar an Pháirc Lúchchleasaíochta agus ba chríoch chuí í do bhliain ghníomhaíochta ar ár bpáirceanna imeartha.

Bíonn Craobh Peile Idirmheánach na gClubanna Uladh ina chomórtas iontach iomaíoch agus ní raibh athrú ar an scéal i 2014. Sa réamhbhabhta, bhuail Muinchile na curaidh Aontroma ó Phort Chluain Eoghain. Sna cluichí ceathrú-cheannais, bhí an lámh in uachtar ag Inis Caoin (ar Mhuinchile), Rinn Mhic Giolla Rua (ar Dhún Geanainn), Cloch Cheann Fhaola (ar an Seanmhullach) agus Doire Loinn (ar Naomh Pól). Bhí am breise de dhith ar Chloch Cheann Fhaola agus ar Dhoire Loinn le briseadh tríd. Sna cluichí leath-cheannais, rinne Rinn Mhic Giolla Rua bua ar Chloch Cheann Fhaola agus fuair Inis Caoin an ceann is fearr ar Dhoire Loinn. Sa chluiche ceannais, d'imir an dá fhoireann peil den scoth agus b'é cúl le deich mbomaite fágtha a chuir stop le dúshlán Inis Caoin. Bhí an corn tuillte go maith ag Cumann Pheadair Naofa.

Ní raibh aon réamhbhabhta sa Chraobh Peile Sóisearach mar nach raibh aon fhoireann ann ó Fhear



IS É AN CUMANN A BHÍONN AG OBAIR SA PHOBAL AGUS NÍL SCAIRSHEALBHÓIRÍ NÓ LEAS CORPORÁIDEACH AGAINN.

Manach. Sna cluichí ceathrú-cheannais, chonacthas buanna don Chéide (ar Dhroim Thamhain), don Charraig (arm Mhuine Mór), do Dhroim an Easa (Ar Naomh Maolmhaodhóg) agus Iorras (ar Ármhach). Bhuail An Charraig Droim an Easa i gcluiche leath-cheannais ar Pháirc Cheilteach Dhoire agus bhuaigh An Charraig ar Iorras. Imríodh an cluiche ceannais ar an Abhainn Bheag agus b'í An Charraig a bhailigh Corn Phóil Mhic Giolla Gheara den dara uair.

## CRAOBH PEILE CLUBANNA NA hÉIREANN//

Buaileadh Seamróga Bhaile an Doire ag foireann láidir Naomh Uinseann i gcluiche leath-cheannais peile sinsearach ar Pháirc Esler. B'é Cumann Naomh Uinseann a bhuaigh Craobh na hÉireann faoi dheireadh.

I gCraobh Peile Idirmheánach na gClubanna, chloígh Triúcha (Muineachán) na Gearaltaigh (Lú) sa chluiche ceannais ag Crois Mhic Lionnáin. Rinne Triúcha sárthaispeántas scórála chun Cill tSéadhna a bhualadh ar an scór 2-20 in aghaidh 2-13 agus craobh peile na hÉireann a bhuachaint. Molaimid achan duine a raibh páirt ann.

Sa ghrád sóisearach, chaill Scairbh na gCaorach in éadan Theach an Dá Mhíle i Longfort.

## CRAOBH IOMÁNAÍOCHTA SINSEARACH ULADH//

Rinneadh cluiche ceannais Craobh Iománaíochta Sinsearach Uladh 2013 idir Aontroim agus An Dún a imirt ar Pháirc Cheilteach Dhoire Dé Domhnaigh 2 Feabhra 2014. Bhuaigh Aontroim ar an scór 4-21 in aghaidh 0-17. Bhí léar mór réasúin ann nár imríodh an cluiche seo sa bhliain 2013 ach is tábhachtach an rud ea gur tionóladh é faoi dheireadh agus tá moladh tuillte ag na foirne agus a maoir.

Bhí Craobh 2014 ina chomórtas cúig-fhoireann agus arís fuair Aontroim cead ar aghaidh gan imirt go dtí an chluiche ceannais. Sna cluichí ceathrú-cheannais, chloígh Doire Ard Mhacha ar an Pháirc Lúthchleasaíochta; agus bhuaigh An Dún ar Dhún na nGall go héasca, 1-31 in aghaidh 0-10, mar chuid de chomhócáid an chraobhchluiche peile idir Muineachán agus Tír Eoghain ar Pháirc Naomh Tighearnach, Cluain Eois.

Chuaigh Doire i ngleic leis An Dún sa chluiche leath-cheannais i gCluain Eois agus níorbh fhéidir iad a scarúint, fiú i ndiaidh am breise. Bhí an bua ag Doire ar an Pháirc Lúthchleasaíochta seachtain dár gcionn le cáiliú don chluiche ceannais in aghaidh Aontroma. Is cúis áthais dom a thuairisc, tar éis na n-imeachtaí mífhortúnacha maidir le cluiche ceannais 2013, gur imríodh cluiche ceannais Craobh Iománaíochta Sinsearach Uladh 2014 os comhair slua breá ar an Abhainn Bheag agus ba mhór an pléisiúr dóibh cluiche iománaíochta idir-chontae fíor-shultmhar. Tar éis chluiche iontach gear, choinnigh Aontroim seilbh ar Chorn Liam Uí Airmhí le bua cúilín-amháin.

## CRAOBH PEILE IOMÁNA NA hÉIREANN//

I ndiaidh do bheith páirteach sa tsraith chiorclach de Chraobh Iománaíochta Sinsearach Laighean, d'imir Aontroim i gCraobhchomórtas Liam Mhic Cárthaigh. Chas na hUltaigh ar Uibh Fhailí sa chéad bhabhta i mBaile an Chaistil. Chaill na 'safrónaigh' cluiche dlúth agus b'é sin deireadh a rannpháirtíochta i gCraobh na hÉireann.

B'iad Ard Mhacha, An Dún agus Doire na hionadaithe Ultacha i gCraobhchomórtas Corn Chríostóir Uí Rinn. B'fheachtas díomach é ina chaill Ard Mhacha in éadan na Mí agus Chill Mhantáin. D'fhulaing An Dún mar a chéile mar thoradh ar chailliúintí i gcoinne na Mhí agus Dhoire. Ina dhiaidh sin, chaill Doire go Ciarraí agus Cill Dara agus b'é sin deireadh na bhfeachtais ainnis d'fhoirne Ultacha.

Ghlac Dún na nGall, Muineachán agus Tír Eoghain i gCraobh Chorn Nioclàis Mhic Riocaird. Chaill Muineachán in éadan Dhún na nGall agus Ros Comáin. Buaileadh Dún na nGall ag Fine Gall i Leitir Ceanainn agus b'shin deireadh an chomórtais do na Conallaigh. Sháraigh Tír Eoghain Fine Gall i gcluiche ceannais thar a bheith maith ar Pháirc an Chrócaigh. Comhghairdeas le Tír Eoghain.

I gComórtas Chorn Labhraí Uí Mheachair, b'é Fear Manach an t-aon chontae Ultach ag imirt ann. Cé no ndearna fir na hÉirne buanna ar Warwickshire agus Liatroim, ba chúis dhíomá dóibh an cluiche ceannais a chailliúint in éadan Longfoirt ar Pháirc an Chrócaigh.

## CRAOBH IOMÁNAÍOCHTA NA MIONÚR//

D'imir cúig chontae i gCraobhchomórtas Iománaíochta na Mionúr Uladh i 2014. Sa chluiche ceathrú-cheannais, chloígh Doire Dún na nGall i Leitir Ceanainn gan ach beagán eatarthu. Imríodh na cluichí leath-cheannais i gCluain Eois, áit a bhuail Aontroim An Dún agus fuair Doire an lámh in uachtar ar Ard Mhacha. Coicís ina dhiaidh sin, chuaigh Aontroim agus Doire i ngleic le chéile ar an Abhainn Bheag agus ba leor an taispeántas éifeachtach ag na 'safrónaigh' bua a fháil. Molaimid foireann Aontroma. I gcluiche ceathrú-cheannais na hÉireann, threascair Gaillimh Aontroim go maith ar Pháirc Bhréifne Kingspan.

## CRAOBH IOMÁNAÍOCHTA FAOI-21//

Ghlac cúig chontae páirt sa Chraobh Faoi-21 maraon le Tír Eoghain a bhuaigh an Sciath Iomána Faoi-21, agus imríodh é ar bhonn leagan-amach arís. Tionóladh an cluiche ceathrú-cheannais mar réamh-imeacht do Chluiche Cáilithe de Chraobh Peile Sinsearach na hÉireann idir an dá chontae céanna, agus bhuaigh Ard Mhacha é. Sna cluichí leath-cheannais, fuair Aontroim an ceann is fearr ar Dhoire i mBaile an Chaistil, agus An Dún ar Ard Mhacha chomh maith. Bhí cluiche ceannais fíor-leataobhach againn agus b'e Aontriom a bhuail an Dún ar an Pháirc Lúthchleasaíochta. I gcluiche leath-cheannais na hÉireann, tháinig Aontroim i gcoimhlint leis An Chlár i nDúrlas Eile agus bhí seaimpíní na Mumhan in ann na tuaisceartaigh a dhíothú.

## SCIATH IOMÁNAÍOCHTA FAOI-21//

I gcluiche ceathrú-cheannais na Scéithe Iománaíochta Faoi-21, fuair Tír Eoghain bua éasca ar An Chabhán ag Garbhachadh. Bhí dhá chluiche leath-cheannais thar barr ina bhuail Fear Manach Muineachán in Inis Caoin agus chloígh Tír Eoghain Dún na nGall leis an íosmhéid sa bhreis i Leitir Ceanainn. Ar an drochuair, ghéill Fear Manach bua gan dua sa chluiche ceannais i gcoinne Thír Eoghain, agus ansin ghéill Tír Eoghain bua gan dua i gCraobh Iománaíochta Faoi-21 na hÉireann 'B' don dara bliain as a chéile. Is dócha go bhfuil todhchaí an chomórtais seo faoin leagan amach reatha ina ábhar amhrais.

## CRAOBH IOMÁNAÍOCHTA NA gCLUBANNA//

Bhí an t-ádh linn roinnt oll-choimhlintí a fheiceáil i gCraobh Iománaíochta Sinsearach na gClubanna Uladh. Díbríodh foireann Shleacht Néill a bhí mar chuid de bhua dúbailte i nDoire faoi dheireadh ag Ruairí Óg, Bun Abhann Dalla i ndiaidh athimeartha. Chuimsigh an cluiche cothrom eatarthu gach rud atá maith faoi iománaíocht idir-chlub sa chúige seo. Bhí iontas mór le teacht i gcluiche ceannais Uladh ar an Abhainn Bheag, áit a bhuaigh Naomh Pádraig, Port an Phéire, ar Ruairí Óg chun a chéad chraobh Uladh a mhaíomh. Ba ghaisce ar leith é do chlub mórtasach na hArda. I gCraobh Iománaíochta Idirmheánach na gClubanna, bhailigh CLG Uí Dhonnabháin Rosa an corn i ndiaidh bhuanna ar Bheart, An Céide agus CLG Eoghain Rua, Cúil Raithin. Sa chluiche ceannais sóisearach, bhuail Baile na Lorgan ar Na Magha ag Dún Geanainn.

## CRAOBH IOMÁNAÍOCHTA CLUBANNA NA hÉIREANN//

B'iad Seamróga Loch gCaol ionadaithe Uladh i gCraobh Iománaíochta na gClubanna, tar éis dóibh Craobh Uladh 2013 a bhuachaint. Tháinig siad in aghaidh churaidh Cheatharlaigh agus Laighean, Raonaithe Shliabh Laighean, ar Pháirc Esler. Don dara bliain as a chéile, áfach, níor éirigh leo agus chaill siad gan ach cúilín amháin idir na foirne. I gCraobh Idirmheánach Clubanna na hÉireann, chaill Gaeil Chluanaidh go trom in éadan Robhar-Inis Tíog san Uaimh. Sa ghrád sóisearach, bhuail CLG Chiceaim, An Creagán, na Gaeil Fullen, seaimpíní na Breataine, chun cluiche ceannais na hÉireann a shroichint. D'imir siad i gluiche thar a bheith maith i bPáirc an Chrócaigh in aghaidh seaimpíní Phort Láirge, Baile na Sagart, agus níorbh fhéidir iad a scarúint tar éis am breise. Chinntigh An Creagán an craobh seachtain dár gcionn le bua maith ar an Mhuileann gCearr. Tá ardmholadh tuillte ag acahan duine a raibh páirt acu sa bhua mór seo, go háirithe os rud ea go bhfuarthas é ar pháirc na himeartha.

## CRAOBHACHA IDIR-CHÚIGE//

D'fhan na Craobhacha Idir-chúige Peile agus Iománaíochta ar chlár na gcluichí i 2014. Ta áthar ar mhuintir Uladh go bhfuil an comórtas ar an chlár arís i 2015, ach amháin go dtionólfar é i mí na Nollag. D'imir Ulaidh as baile i gcoinne Laighean sa dá spórt. Chaill na hiománaithe i mBaile Átha Troim agus rinne na peileadóirí bua dochreidte, ar an scór 2-26 in aghaidh 3-21, i gcluiche fíor-thaitneamhach san Uaimh seachtain dár gcionn. Fuair Connachta an ceann is fearr ar Ulaidh sa chluiche ceannais i dTuaim i mí Feabhra. Cé nárbh é an toradh a bhí muid ag iarraidh, ba thábhachtach an bua é do Chonnachta agus bhí sé tuillte go maith.

## COMHAIRLE ULADH//

Bhí filleadh Fhéile na nGael go Cúige Uladh ina imeacht iontach suntasach dár gcúige agus tá ionchur na gclubanna, na gcontaetha agus na mball Chomhairle Uladh aitheanta agus molta. Obair iltaobhach a bhí taobh thiar den imeacht agus b'éachtach ionchur an choiste eagraithe, na bhfochoistí éagsúla agus na gclann óstála agus ba léir an tábhacht a bhaineann leis an Fhéile don Chumann in Ulaidh. I gcomparáid leis an dóchas a bhí againn anuraidh maidir le hathfhorbairt Pháirc Mhic Asmaint, tá sé ina ábhar míshásaimh dúinn go ndearna an tArdchúirt cinneadh le déanaí san Athbhreithniú Breithiúnach an cead pleanála a chur ar neamhní. Caithfidh a rá nach bhfuarthas aon locht ar bith ar ár dtaobh agus tá muid sásta go raibh ceannródaí domhanda in earnáil dhearadh na staide ag obair linn agus go ndearna muid gach rud a bhí ag teastáil uainn. Beidh athmheasúnú ar thoradh an cháis ina phíosa mór dár gcuid oibre sna seachtainí atá romhainn go dtí go mbeidh radharc soiléir ar na hábhair idir lámha againn agus ar chad é atá romhainn. D'fheidhmigh Bord Thionscadal an Staidiam agus ár bhfoireann faoi cheannas cumasach Thomáis Uí Dhálaigh go dtí na caighdeáin ab airde mar a bhí riachtanach dóibh. Tá soláthar an tionscnaimh ina chuspóir bunúsach atá leagtha síos i dTuarascáil an Choiste Athbhreithnithe Straitéisigh 2002 agus i gcáipéisí rialtais ina dhiaidh a phléigh le riachtanais an trí eagras spóirt maraon le CLG. Chonacthas obair iontach agus leantach na n-oifigeach agus na mball Chomhairle Uladh. D'oibrigh iad siúd atá ar ár bhfochoistí go díograiseach ar mhaithe le leas an Chumainn agus tá muid i bhfiacha leo. Chinntigh ár bhfoireann oibre le chéile go mbímid ag déileáil leis na dúshláin a thagann romhainn agus ag an am céanna cuidíonn siad lenár gcomhaonaid agus lenár mbaill i bpleanáil don todhchaí agus ár ról inti.

Thug an tUachtarán, Máirtín Mac Aibhne, ceannasaíocht ón tosach agus bíonn sé iontach flaithiúil leis a chuid ama. D'oibrigh sé go dúthrachtach thar ceann CLG ar fad agus Comhairle



Uladh go háirithe. Gabhaim buíochas le Máirtín as a shaothar agus a thiomantas dár leas foriomlán. Chaith an Leas-Uachtarán, Micheál Ó hOsáin, a lán ama ar obair na Comhairle thar achan ghné dá ngíomhaíochtaí agus cúrsaí iománaíochta go hiondúil maraon leis a chuid saothair chun Féile na nGael a dhéanamh rathúil. Is Cisteoir fíor-thiomanta é Oilibhéar Ó Gealagáin agus bhí sé ina chrann taca do Chomhairle Uladh. D'fhreastail sé ar léar mór imeachtaí thar ceann na Comhairle agus gabhaimid buíochas leis. Bhí Seán Ó Conghaile cineálta lena chuid ama mar Oifigeach Caidrimh Phoiblí. Idirghníomhaíonn sé leis na meáin cumarsáide agus é ag plé le hábhair éagsúla ar son CLG in Ulaidh agus aithnímid a ionchur.

Thug baill Chomhairle Uladh go fial dá gcuid ama ar feadh na bliana seo thuaigh thart. Rinne siad seirbhís agus tacaíocht láidir d'obair na Comhairle trína gcuid iarrachtaí. Cuireann siad lenár gcúrsaí ag an leibhéal maraon le bheith ag feidhmiú ar ár bhfochoistí. Cuidíonn siad fosta trí riachtanais oibriúchtiúla a thabhairt ar lae na gcluichí. Molaimid obair ár mball dá ndúthracht agus dá ndílseacht ar feadh na bliana. Taifeadaimid ár mbuíochas ó chroí don obair a rinne siúd atá ag fágáil na Comhairle ag an chonbhinsiún seo agus aithnímid an saothar ar leith a rinne Tír Eoghain Mac Conurchoille, Pól Mac Ardail, Gearóid Ó Sódáin, Pádraig Ó Síonáin, Breandán Ó Ceallaigh, Seán Ó Duibheannaigh, Diarmaid Ó Cathail, Tiernach Ó Mathúna, Pádraig Ó Dorchaigh agus Gearóid Ó Brolcháin; rinne siad ionadaíocht ar leith dá gcontaetha agus guímid sláinte orthu agus iad ag plé le dúshláin ar son CLG sa todhchaí. Gabhaimid buíochas leo as a gcuid oibre thar ceann Chomhairle Uladh i rith a linne mar bhaill agus is eol dúinn go n-oibreoidh siad ar aghaidh ar mhaithe le CLG sna blianta atá romhainn.

Thug mé creidmheas anuraidh d'Aogán Ó Fearghail, iar-Uachtarán Chomhairle Uladh a bhí ag fágáil na Comhairle i ndiaidh dó bheith ag freastal go fadthréimhseach mar Ionadaí Contae agus mar Oifigeach. Idir an dá linn roghnaíodh é mar Uachtarán Tofa ar ár gCumann. Déanaimid a rath a cheiliúradh agus tá a fhios againn go mbeidh sé ina cheannasaí a léireoidh íomhá fíor-dhearfach agus stuama do CLG. Guímid gach dea-mhian air agus geallaimid ár muinín gan choinníoll don obair a dhéanann sé ar son an Chumainn.

## FORBAIRT NA gCLUBANNA//

Táimid faoi láthair i lár an phróisis forbartha ar phlean straitéiseach úr don chúige a fheidhmeoidh mar ár dtreochlár forbartha suas go 2020. Is cúis áthais dom gur baineadh amach breis agus 90% de na haidhmeanna agus spriocanna a bhí inár straitéis cúig-bliana roimhe. Gheobhaidh achan chlub in Ulaidh cáipéis aiseolais ar ball mar chuid de phróiseas comhairliúcháin ionas go gcinnteoidh muid gurb iad cosmhuintir CLG a bheidh ag leagan amach treo straitéiseach na Comhairle Cúigeach don chéad chúig bliana eile. Is é seo an ceathrú plean straitéiseach a bheidh ag Comhairle Uladh agus is léir gur chruthaigh an trí cheann roimhe go leor infheistíochta agus forbartha do CLG inár gCúige sa dóigh is gur cinntíodh go raibh ár mbéim dírithe ar rannpháirtíocht agus inniúlacht CLG ag achan leibhéal in Ulaidh a mhéadú.

Ag leibhéal an chontae tá pleananna nua á chur le chéile i nDún na nGall, Aontroim agus i gContae an Chabháin mar chuid den sraith phleanála cúig-bliana úr. Tá Doire agus Tír Eoghain dulta isteach sa tsraith úr cheana féin agus is léir go bhfuil an dá chontae ag baint torthaí trasna in achan ghné dá n-oibríochtaí.

Aithnítear 'Club Maith' go fóill mar bhranda feabhais i measc clubanna CLG in Ulaidh. Fuair fiche club creidiúnú i 2014: bronnadh gradaim Platanaim ar chúig cheann acu, agus gradaim Órgacha ar an 15 eile. Is amhlaidh go bhfuil an scéim an mór de réir mar atá níos mór clubanna ag cur isteach a gcuid punanna 'Club Maith' le haghaidh measúnaithe. Ba choir buíochas a ghabháil fosta leis na héascaitheoirí deonacha 'Club Maith' atá éigeantach don phróiseas agus tugadh aitheantas dóibh chomh leis na clubanna creidiúnaithe ag Gradaim Uachtaráin CLG Uladh i mbliana. Rinneadh léirmheas ar an scéim 'Club Maith' i rith na bliana, agus tá na critéir athnuaite tacaithe go maith le suíomh idirlín 'Club Maith' feabhsaithe don bhliain 2015.

Déanann Clár Pleanala na gClubanna iarracht a chinntiú go mbeidh plean forbartha ag clubanna beartaithe roimh dheireadh 2015; is ualach oibre é seo atá indhéanta mar gheall ar an obair atá ar siúl ag ár nOifigigh Forbartha Contae agus na Pleanálaithe Club deonacha. Chuir CLG Uladh traenáil ar fáil d'Oifigigh Forbartha Contae agus Pleanálaithe Club ar dhá ócáid i rith 2014, agus chumasaigh sé a lán clubanna tacaíocht a fháil chun Pleananna Forbartha Club a chruthú. I dteannta na n-imeachtaí traenála oifigigh CLG Uladh, soláthraíodh Ceardlanna um Mhaoiniú Cláir do chlubanna chun béim a dhíriú ar thábhacht na pleanála chun cinn agus cabhrú le clubanna bheith réidh do dheontais seachtracha a tharraingt anuas nuair a bheidh siad ar fáil.

Thionóil CLG Uladh a imeacht traenála d'Oifigigh nua-thofa clubanna Dé Sathairn 18 Eanáir i gColáiste na Tríonóide Naofa, An Chorr Chríochach. B'é seo an cúigiú bliain ina cuireadh an traenáil seo ar fáil le tacaíocht agus acmhainní ríthábhachtacha a thabhairt d'oibrithe deonacha atá nua-thofa ina bpoist sa bhliain 2014, le cinntiú go raibh ár gclubanna CLG ag feidhmiú ag an chaighdeán ab fhearr dóibh féin, dá gcontaetha agus don Chumann. Soláthraíonn Clár Traenala Oifigigh nua-thofa na gClubanna eolas riachtanach ar na róil agus freagrachtaí sainiúla a bhaineann le gach post mar Oifigeach Club chomh maith le hardán éifeachtach dóibh buncheisteanna don bhliain atá rompu a phlé.

Tógálann an traenáil seo inniúlacht oibrithe deonacha CLG trí bhunachar eolais s'acu a fheabhsú agus a gcuid scileanna agus buanna a fhorbairt. D'fhreastail breis agus 100 oibrí deonach ón chúige ar fad ar an imeacht ina tionóladh ocht gceardlann sainiúla mar chuid de sheisiún a dhírigh ar phoist éagsúla de choiste feidhmiúcháin an chlub: Cathaoirleach, Rúnaí, Cisteoir, OCP, Oifigeach Cultúir, Oifigeach Forbartha, Oifigeach Oiliúna agus Oifigeach na bPáistí.

Sular eagraíodh an traenáil i 2014 iarradh ar na contaetha ceithre cheardlann a roghnú lena riachtanais féin a phlé don bhliain. Bhí sé théama difriúla ar fáil don rogha: forbairt club, rialachas, cumarsáid, sláinte, forbairt na n-oibrithe deonacha, cultúr agus an Ghaeilge. De bhreis ar sin soláthraíodh ceardlann maidir le Cosaint Leanaí chun uasdhátú a thabhairt d'oibrithe deonacha maidir le hathruithe ar bith i reachtaíocht nó Rialacha CLG. Tionóladh ceardlanna in achan cheann de na naoi gcontae; d'fhreastail breis agus 700 oibrí deonach agus b'ionann an figiúr seo agus méadú mór ar thinreamh na bliana roimhe. Aimsíonn an clár traenála cosaint agus tacaíocht a thabhairt dár n-oibrithe deonacha agus ceannasaíocht láidir a chothú i measc na cosmhuintire.

Déanann ár gCoiste Forbartha, chomh maith le Coiste Pleanála agus Forbartha Fhisiceach na gClubanna, agus Coiste na bPáirceanna agus Sábháilteachta, an obair atá leagtha síos inár bpleananna straitéiseacha ag leibhéal an chontae, leibhéal na cúige, agus an léibhéal náisiúnta. Faightear tacaíocht don obair seo ón Rannóg Pobail agus Cúrsaí Poiblí a chuidíonn lenár n-aonaid agus mbaill trí réimse clár a sholáthar ar ábhair idir sláinte agus folláine agus 'Live to Play'. Tá muid i bhfiacha le Riain Ó Fiannaí, Aibhlín Uí Chuimín, Sharon Ní Eochaidh-Uí Gharmaile, Máire Mhic Meanman, Dónal Mac an Ailín agus Fionntán Ó Dubhda as ucht obair na gcapall a dhéanamh san earnáil seo ar son an Chumainn.

## PÁIRCEANNA//

Tá tionscnamh athfhorbartha Pháirc Mhic Asmaint i lár an chláir oibre dúinn le tamall fada anuas agus i ndiaidh don chead pleanála bheith glactha rinneadh cuid mhaith den obair réamhchonartha. Tháinig athrú ar an scéal mar thoradh ar iarratas athbhreithniú breithiúnach a thabhairt in aghaigh cinnidh a rinne an Roinn Oideachais i mí Aibreáin. Thosaigh an t-athbhreithniú i mí an Mheithimh. Tá an scéal ar thaifead poiblí anois gur cuireadh an cead pleanála ar neamhní. Mar a luaigh mé cheana féin, is ábhar mór frustrachais é seo ach tá diongbháilteacht againn go fóill staid úr a thógáil de réir ár riachtanas straitéiseacha agus is dual dúinn anois an beart a bhrú chun tosaigh agus cuimhneamh nach ndearnadh foirceannadh inár n-éadan maidir le scála nó dearadh na staide sa phlean. Tá neart oibre le déanamh againn dul isteach sna ceisteanna pleanála arís agus is éigean dúinn measúnú iomlán a dhéanamh ar chinneadh na

**FEIDHMÍONN NA SCOILEANNA BARR FEABHAIS AGUS NA SCUAID FORBARTHA MAR UIRLIS DO SHAINAITHINT N-IMREOIRÍ SÁRCHUMASACHA.**




hArdchúirte. Caithfidh muid bheith ar aon intinn go bhfaighidh CLG cothrom na féinne de réir mar atá leagtha síos sa chás straitéiseach imlíneach.

Tá Bord Thionscadal an Staidiam i ndiaidh dul trí thréimhse fíor-dhúshlánach agus is mar sin a bheidh sé go ceann na bliana atá romhainn. Tá léar mór ceisteanna le réiteach go fóill i dtreo dul chun cinn an tionscadail a chumasú. Chaith Tomás Ó Dálaigh an t-uafás ama ar a chuid iarrachtaí na spriocanna agus an toradh iomlán a bheartaigh muid ón tús a bhaint amach. D'oibrigh sé go díograiseach, go crógach agus go cruinndíreach ar an tionscnamh. Leanann Comhairle Uladh ar aghaidh leis an obair ar thóir na staide a raibh sé de cheart aici a fhorbairt ar bhonn riachtanais straitéisigh agus a chloínn leis na critéir atá molta do ghach spórt páirce maraon le CLG.

Pléann Grúpa Stiúrtha an Tionscadail leis an taobh oibríochtúil dár gcuid oibre go fóill. Tá an obair seo faoi cheannas Stiofáin Mhic Gaoithin, Urraitheoir an Tionscadail, agus tá ár gComhairleoir Teicniciúil Neamhspleách, Tadhg Ó hEarcáin, ag tacú leis. Go dtí seo bhí siad i lár teagmhála leis an Fhoireann Chomhtháite Soláthair, Mott McDonald, agus iad ag dul i ngleic go leanúnach leis an Roinnn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, an Seirbhís Pleanála agus a lán eagras gaolta. Tá ionchur mór déanta ag Míchillín Nic Giolla Uír sa phleanáil airgeadais iomlán agus sna hamlínte a bhaineann leis an togra chomh fada seo agus sa todhchaí, agus beidh seo ina ghealltanas iontach substaintiúil le linn an tionscadail. Bhí Riain Ó Fiannaí páirteach fosta i réimse leathan d'ábhair idir rannpháirtíocht sa phobal, margaíocht agus caidrimh le páirtithe polaitiúla agus Comhairle Chathair Bhéal Feirste. Rinne Eoghan de Siún páirt mhór fosta ar ábhair a bhaineann leis an fhorbairt. Dhein siad uilig gach rud a bhí ag teastail uathu agus b'iomaí uair a rinne siad ní ba mhó ná mar a bhí de dhualgas orthu a dhéanamh. Is mór an obair atá déanta ag Gearóidín Nic Caomhánach, Riarthóir an Staidiam, agus í ina ball ríthábhachtach d'fhoireann soláthar an tionscnaimh.

## FORBAIRT NA gCLUICHÍ//

Is é ár gCoiste Oiliúna agus Forbartha na gCluichí a dhéanann stiúradh ar fhorbairt na gcluichí don Chomhairle. Tá ár gcláir dearaithe mar chuid de Bhealach Forbartha um Lúthchleasaithe ar Feadh an tSaoil. Cinntíonn ár bhfoireann oibre Chóitseála agus Cluichí ina gcuid oibre go mbíonn scileanna dea-shaothraithe ag chách a imríonn inár gcluichí agus iad cáilithe mar atá cuí. Tá forbairt leantach ar siúl in eolaíocht spóirt agus ardghníomhaíocht spóirt agus is féidir le clubanna agus contaetha seo a fháil.

Déanann an Cumann agus forais seachtracha ár bhfoireann Chóitseála agus Cluichí a mhaoiniú agus is mór an t-éileamh atá orthu caighdeáin inmheasúnaithe a chomhlíonadh. Oibrímid go dlúth leis na contaetha trí mheasúnú agus chuidiú lena gcuid seachadta agus mar sin de táimid ag díriú ag gach leibhéal an Chumainn ar eilimintí éagsúla na straitéise oiliúna agus cluichí a chur i gcrích. Bímid ag obair freisin le Líonra an Choláiste Oscailte chun fíorú neamhspleách do cháilíochtaí a bhunú, mar a dhéanaimid ag an am céanna le hOiliúint Éireann. Fásann an t-éileamh do thraenáil agus cháilíochtaí de réir a chéile agus léiríonn sé seo dílseacht ár mball agus ár n-aonad do ghníomhaíochtaí CLG sa phobal.

Feidhmíonn na scoileanna barr feabhais agus na scuaid forbartha mar uirlis do shainaithint n-imreoirí sárchumasacha. Tá sé tábhachtach go mbíonn ár n-aonaid ar fad ag baint úsáide astu le cinntiú go mbeidh ár bhfoirne ábalta bheith san iomaíocht do na craobhacha ar bhonn rialta. Cuidíonn na comórtais Chorn Shéamais Mhic Uiginn agus Chorn Bhun Cranncha linn an sprioc seo a bhaint amach mar go dtugann siad deis forbartha d'imreoirí agus tugann leibhéal na scileanna atá sofheicthe iontu dóchas dúinn don todhchaí. Cuirimid fáilte roimh iománaíocht na gcathaoireacha rotha mar fhorbairt suntasach agus is cruthúnas é seo arís go bhfuil coincheap 'spórt na clainne ar fad don saol ar fad' ina ábhar spreagtha go fóill dúinn.

Bíonn Clár Spórt an Churaclaim de chuid na Ranna Oideachais fós i gcroílár na hoibre dúinn agus tugann an gradam suntasach a bronnadh orainn sa Bhreatain le déanaí fianaise ar an fhorbairt atá déanta maidir le hinniúlacht fhisiciúil ag CLG in Ulaidh. Is obair thar a bheith maith í cur in iúl do pháistí idir ceithre bliana agus ocht mbliana d'aois na coincheapanna a bhaineann le haclaíocht, cothromaíocht agus comhordú atá mar bhunchloiche na forbartha agus rannpháirtíochta spóirt. Is féidir le déine cur isteach ar ár n-inniúlacht don réim oibre seo ach níl aon amhras ach go soláthróidh an clár seo glúin daoine de dhaoine níos aclaí, níos sláintiúla agus níl oilte de réir mar a imríonn siad ár gcluichí. Déanann tríocha oiliúnaí seachadadh den uaschaighdeán timpeall na sé chontaetha agus cruthaíonn sé seo íomhá iontach maith dár gCumann. Tugaimid aitheantas don obair a dhéanann ár gcóitseálaithe curaclaim agus Toirleach Mac Uilliam go hiondúil a raibh fís aige do na féidearthachtaí seo agus a rinne obair na gcapall an tionscnamh a fhorbairt go dtí caighdeán atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

Téann Forbairt na hIománaíochta ar aghaidh mar ábhar tosaíochta agus léiríonn an obair atá ar siúl i measc clubanna ag an leibhéal seo go mbíonn ár gclubanna ábalta dul i gcoimhlint lena leithéidí in áit ar bith eile sa Chumann. Is dual dúinn imscrúdú a dhéanamh ar dhóigheanna go bhféadfadh linn bheith san iomaíocht ag an leibhéal sinsearach. Ní thógann buanna i gcomórtais náisiúnta ár

gcumas iománaíochta chomh hard agus an caighdeán náisiúnta. Is é atá de dhith orainn ná iarracht comhbheartaithe ag gach éinne a bhfuil páirt aige/aici sa spórt le cinntiú go bhforbróidh sé go dtí an chaighdeán atá ag spreagadh cuid eile na tíre cheana féin scileanna an chluiche is fearr an domhain a fhoglaim. Cuirimid cóitseálaithe réigiúnda ar fáil chun cuidiú le forbairt na hiománaíochta i gclubanna, i mbunscoileanna agus i meánscoileanna, agus nascanna idir clubanna agus scoileanna cibé áit gur féidir leo. Tugann siad tacaíocht fosta do na cóitseálaithe taobh istigh de chlár na scuad forbartha agus cinntíonn siad go gcomhlíontar riachtanais na scoileanna barr feabhais agus na scuad forbartha féin. Tacaíonn agus treoraíonn siad leis na hoiliúnaithe iománaíochta sna clubanna agus contaetha ar mhaithe le forbairt ghinearálta an spóirt ar fud Uladh. Déanaimid saothar Shéamais Mhic Darra agus a fhoireann sa réim seo a aithniú agus tá a fhios againn go mbeidh dianseasmhacht ag teastáil uainn chun torthaí a bhaint amach.

Bíonn ár gComhdháil Bhliantúil Oiliúna agus Forbartha ina ócáid iontach agus suim mhór á léiriú inti. Déantar obair léargasach agus spreagúil inti mar atá sofheicthe ón suim a léirítear sna ceardlanna éagsúla a chothaíonn dea-chleachtas. De bharr sin iarradh orainn ár gcuid oibre a chur i láthair ag comhdhálacha eile in Éirinn agus thar lear. Táimid i bhfiacha lenár gCoiste Oiliúna agus Forbartha na gCluichí atá faoi cheannas Ghearóid Uí Dhufaigh. Tugaimid aitheantas don obair sármhaith a dhéanann an coiste seo. Déanann Eoghan de Siún ceannasaíocht éifeachtach go fóill ar réim forbartha na gcluichí ar fad agus táimid i bhfiacha leis dá phleanáil chun cinn agus a fhís don earnáil a bhfuil ról ríthábhachtach aici dár gcuid imreoirí agus foirne ar fad.

## GAEILGE AGUS OIDHREACHT//

Is féidir linn a rá le fírinne go ndearnadh dul chun cinn sásúil maidir le cothú na Gaeilge inár measc sa bhliain 2014. Fanann stádas an teanga náisiúnta níos airde i gcúrsaí Chomhairle Uladh ná in aon earnáil eile de CLG.

Eagraíodh Cúrsa Gaeilge Shéamuis de Faoite sna Dúnaibh i mí Iúil, mar is gnáth, agus b'é tuairim roinnt mhaith daoine go bhfuil an cúrsa ar ais ar a sheanléim arís. D'éirigh le roinnt athruithe a rinneadh i mbliana an cúrsa a dhéanamh ní b'éifeachtaí ó thaobh teagasc na Gaeilge de agus ní ba mhealltaí d'fhoglaimeoirí. Bhí ardú tinrimh le feiceáil ar an chúrsa seo agus chuir sé go mór le heispéaras na seachtaine go raibh an ghrian ag soilsiú go láidir i nDún na nGall. Chuir sé gliondar orainn gur bronnadh corn úr in ómós do Phádraig Mac Flonn, iar-Uachtarán CLG agus seanóir an chúrsa nach maireann, agus gabhaimid buíochas lena nia, Ruairí Mac Floinn as ucht a bhronntanais.

Is cúis mhór bhróid dúinn gur chumasaigh Comhairle Uladh le baill feasta cáilíochtaí Gaeilge a bhaint amach i rith 2014. Mar chuid den scéim 'Gaeilge sa Chlub', bhronn an Chomhairle sparánachtaí ar 21 mac léinn dioplóma ollscoile i 2013/14, agus fuair grúpa acu teastais dioplóma sa tsamhradh; agus bhronn an Chomhairle sparánachtaí ar 27 mac léinn sa bhliain 2014/15, le cuidiú ó Fhoras na Gaeilge. Ina theannta sin, cuireadh ranganna Gaeilge ar bun san fhómhar d'fhoireann oibre agus oifigigh Chomhairle Uladh.

Ba chóir go mbeidh deiseanna ann i gcónaí do bhaill an Ghaeilge a labhairt i gcomhthéacs sóisialta. Is mar sin a rinne Comhairle Uladh urraíocht ar Thráth na gCeisteanna Boird do chlubanna i 2014. Molaimid chomh maith coincheap 'Coirneáil na Gaeilge' atá cruthaithe ag Coistí Thír Eoghain agus Ard Mhacha dá gcluichí baile. Agus chímid todhchaí bhreá don Ghaeilge i gcúrsaí CLG nuair a amharcaimid ar bheocht na gcampaí samhraidh a chlúdaíonn an teanga, cultúr agus cluichí Gaelacha.

## CULTÚR AGUS SCÓR//

Soláthraíonn na comórtais Scór rannpháirtíocht iomaíocht dár gclubanna agus dár mbaill go fóill. Ní dhearna leagan nua na gcomórtas a lán difríochta do thábhacht na léirithe cultúrtha seo. Fanann ár gceol, damhsa, amhránaíocht mar ghníomhaíochtaí lárnacha do roinnt mhaith clubanna. Tá gá leantach dár gclubanna ar fad cinntiú go mbeidh Scór ina ghné riachtanach de chúrsaí na bliana dóibh agus go n-eagraítear é don sult agus rannpháirtíocht go príomhach. Le tábhacht na n-idéal tosaigh iontach láidir ar ár n-aigní go fóill, caithfidh muid ár léiriú cultúrtha a chaomhnú agus a neartú i gcoílár na hoibre a dhéanaimid mar Chumann.

Thaispeáin babhtaí ceannais na hÉireann Scór agus Scór na nÓg arís go mbaineann ár n-iomaitheoirí caighdeáin Scór amach go barr feabhais. Bhí dhá bhuaiteoir ó Chúige Uladh i Scór na nÓg: Droim Thamhain i gCeol Uirlise, agus Naomh Columba a bhuaigh Tráth na gCeisteanna a bhí faoin leagan nua den chéad uair. D'éirigh le hUltaigh dhá chraobh Scór Sinsear a bhuachaint: Hannah Nic Fhearghais as CLG Ualtair Uí Ghréacháin, Doire, agus CLG Naomh Éanna, An Ómaigh, a bhuaigh an comórtas Grúpa Bailéid le foireann d'fhir-amháin. Is mór ár bhfiacha don Choiste Scór as an obair a dhéanann siad ar ár son. Bíonn Éamonn Mac Mathúna dírithe obair ar son an choiste agus faigheann sé tacaíocht mhaith ó Éilis Nic an tSaoi. Déanann siad agus baill coiste maraon le Dónal Mac an Ailín na comórtais Uladh a sholáthar agus tá muid buíoch as sin.

## ÁBHAIR AN CHUMAINN//

Tá sé de dhualgas ar ghach aon bhall glacadh le cinntí daonlathacha an Chumainn agus ba choir dúinn bheith sásta go bhfuil na torthaí i gcomhréir le mianacha na ballraíochta agus cothrom dá n-ionchur. Tá géarghá le himscrúdú ar ár struchtúir, cé chomh freagrúil atá siad dár mbaill agus cé mhéad atá muid ag feidhmiú in aonacht chun mianacha agus riachtanais an Chumainn a sholáthar. Ba chóir dúine áire a thabhairt go mbeidh muid ag díriú ar ábhair atá oiriúnach d'fholláin ár gCumainn agus ag seachaint brúghrúpaí agus feachtais nach bhfuil ceangailte lenár n-aonaid a ba mhaith leo ár gcluichí nó struchtúir CLG a athrú.

Tá roinnt ábhair machnaimh i dtuarascála éagsúla a foilsíodh le déanaí. Is amhlaidh gur cheart iad a léamh go mion agus chomh fada agus is féidir leo léiriú go mbeidh buntáiste iontu don Chumann is fiú machnamh a dhéanamh orthu. Tá sé fíorthábhtachach suíomh uachtarach sna meáin cumarsáide (agus ár láithreacht teilifíse go háirithe) a choinneáil i rith na tréimhse ón earrach go deireadh an tsamhraidh. Agus muid ag plé le bliain féilire, is í an fhíor-cheist atá ann dúinn ná an bhfuil an rún céanna againn cloí le clár cluichí a chuireann réim níos righine maidir le dátaí na bpríomh-chluichí. Más féidir linn aontú maidir leis an phrionsabal, is í an triail atá romhainn ná smacht a bheith againn le chéile chun cibé rud atá molta a sheachadadh.

Chuaigh ár n-idirghníomhaíocht le Contaetha agus Clubanna ar aghaidh ar bhonn maith agus ómósach. Táimid mar chuid d'fhorbairt mhór an Chumainn más fisiciúil nó ag baint le cluichí atá sí. Coinníodh an gníomhaíocht leantach idir ár n-oifigigh éagsúla agus leathnaíodh í áit ar bith gurbh fhéidir í. Tá na caidrimh oibre idir ár n-oifigigh agus a gcomhionainn contae faoi seach – más iad cathaoirligh, rúnaithe, cisteoirí nó oifigigh forbartha na gcluichí – ar fheabhas, measúil agus achomair. Aithnímid éachtaí agus dílseacht na n-oifigeach chontae buneilimintí oibre an Chumainn a sholáthar i gCúige Uladh. Ba mhaith liom fosta aitheantas a thabhairt do scor Rúnaí Chomhairle Laighean, Micheál Ó Dubhsláine, a rinne stiúradh bunsheasmhach dá chúige agus don Chumann ar fad. Bhí muid i gCúige Uladh inár dtairbhithe dá chuirtéis agus spreagadh. Guímid saol fada agus slán ina bhlianta scoir agus gabhaimid buíochas leis as a chuid oibre ar ár son.

Tá socruithe oibre againn ar siúl againn go fóill idir fhoireann oibre Chomhairle Uladh agus a gcomhionainn Ardchomhairle. Tó socruithe comhchosúla i bhfeidhm idir ár gComhairle agus na Contaetha agus ár gcomhaonaid. Gabhaimid buíochas leis an fhoireann i bPáirc an Chrócaigh as ucht a gcuidithe agus a gcomhoibrithe, agus ba bhreá liom moladh a thabhairt don chuidiú a thug Pádraig Ó Dálaigh, Peadar Mac Cionnaith agus Líosa Nic Fhlannchaidh. Táimid buíoch chomh maith le Rónán Ó Murchú, Pádraig Ó Dochartaigh agus Feargal Mac Giolla as ucht a gcuidithe ina réimsí sainiúla féin agus crónóidh muid Rónán ó thaobh ceisteanna ticéid de tar éis a lán cabhrach a thabhairt dúinn ón oifig sin.

Arís eile, tá ceannasaíocht ón tosach déanta ag an Ardstiúrthóir, Páraic Ó Dufaigh, agus treoraíocht shoiléir agus aonchiallach léirithe aige in achan ghné de chúrsaí ár gCumainn. Bhí sé ina chrann taca linn inár gcuid oibre agus tá muid iontach buíoch dó as achan rud a dhéanann sé ar ár son. Aithnímid freisin obair Liam Uí Néill, a thiocfaidh chuig deireadh a théarma oifige mar uachtarán an Chumainn ag an Chomhdháil seo. Thug sé ceannasaíocht dár gCumann chomh maith agus bhí sé i gcónaí réidh le cuairt a thabhairt ar chlubanna s'againne agus á mbaill a spreadh agus is mar sin a thaifeadaimid buíochas le Liam.

## COMHBHRÓN//

B'iomaí bás a tharla ar fud Uladh arís i rith na bliana seo caite agus bhí roinnt mhaith daoine a rinne saothar ar leith do CLG ina measc. Roinnimid an cumha mhór atá fulaingte ag a gclanna, a gclubanna agus ag an Chumann. Ina measc bhí Tomás Ó Cuilinn, a sheas d'achan bhunluach a bhfuil an-chion againn ann. Ba sheirbhíseach laochach é dár gComhairle agus rinne sé cuid mhór oibre agus forbartha ar Choiste na Gaeilge agus Oidhreachta. Bhí sé lárnach i gceiliúradh céad bliain de Chomhairle Uladh agus chuir sé leabhar staire le chéile don Chomhairle. B'eiseamláireach a thiomantas agus a dhílseacht. Crónóidh muid a chomhairle saoithiúil. Básaíodh fosta Pilib Ó Corráin, a rinne éacht do Chomhairle Uladh mar gheatóir fadthréimhseach. Thaisteal sé liom go dtí cluichí ar feadh na mblianta fada agus crónófar a dhílseacht le CLG agus a dhuthracht. Gabhaimid comhbhrón le gach duine a d'fhulaing mar thoradh ar mhéala anuraidh. B'iomaí an ócáid nuair a mhothaigh muid an cailliúint ba ghéire agus muid ag freastal ar shochraidí agus adhlacaidh.

Déanfar íobairt an Aifrinn a ofráil do bhaill an Chumainn nach maireann in Eaglais Naomh Maitiú, Garbhachadh, ar maidin an Choinbhinsiúin ag 11.00 r.n. Tá súil againn go mbeidh na toscairí uilig in ann bheith i láthair mar chomhartha ómóis dár mbaill ar fad atá éagtha.

## CONCLÚID//

Tá muid ag freastal ar an Chonbhinsiún seo in ionad atá tógtha ar aisling atá soláthraithe ag Tír Eoghain. Tá CLG níos saibhre agus níos láidre mar gheall air. Tugann an áit seo deis dúinn machnamh a dhéanamh ar ár gcumas na harda beagnach dodhéanta a dhreapadh. Sílim go n-éireoidh go geal le CLG chomh fada agus a amharcaimid thar an léaslíne agus a phreapaimid do bhac ar bith a bheidh ag seasamh inár mbealach sa todhchaí. Tá fís shoiléir againn don ród atá romhainn agus is é buanna de leithéid an fhoirgnimh iontach seo inniu a spreagfaidh ar an chéad ghlúin eile cuimhneamh ar chén fáth a bhfuil CLG fós beo agus i gcroílár an phobail.

**Is mise le meas,**

**DÓNALL Ó MURCHÚ**
**RÚNAÍ**

Lairdesign




Find us on Twitter,
YouTube & Facebook
**www.twitter.com/ulstergaa**
**www.youtube.com/ulstergaa**
**www.facebook.com/ulstergaa**

Ulster Council GAA
Chomhairle Uladh CLG

Ceannáras Uladh
8-10 Market Street,
Armagh, BT61 7BX

T (0044) 28 3752 1900
F (0044) 28 3752 8092
E info.ulster@gaa.ie

**www.ulster.gaa.ie**